Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

21 Deireadh Fómhair 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 71







## BISEACH 2021

Seolfar **BISEACH 2021** ar an Aoine 22ú Deireadh Fómhair ar **Iris Aniar** ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Tá 100 leathanach san iris i mbliana agus neart ábhar léitheoireachta, idir stair, seanchas, tuairimíocht, cúrsaí reatha agus go leor leor grianghraif ann mar is iondúil. Is iontach an luach airgid an iris, gan uirthi ach €5, a bhuíochas sin don deontas a chuireann An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fáil do Chumann Forbartha Chois Fharraige leis an iris a fhoilsiú. Beidh an iris le fáil i siopaí Chois Fharraige an deireadh seachtaine seo. Díoladh BISEACH 2020 amach an-sciobtha an bhliain seo caite, mar sin ní mór duit do chóip féin a fháil chomh luath agus is féidir leat!




## CLUB SCANNÁN SAILEARNA

Beidh **Club Scannán Sailearna** ag tosú ar ais ag taispeáint scoth na scannán domhanda i Seanscoil Sailearna go luath. Gach Déardaoin idir 28 Deireadh Fómhair agus 9 Nollaig, beidh scannáin éagsúla le feiceáil ar an scáileán mór in Amharclann Chois Fharraige. **LIMBO** an chéad scannán a bheas á thaispeáint ar an Déardaoin 28 Deireadh Fómhair ag 8.15 i.n. Scéal faoi cheoltóir atá tagtha ón tSiria go dtí An Bhreatain ag lorg dídine agus a chuirtear go oileán iargúlta in Albain in éindí le lucht dídine eile, an fhad is atá a chás á scrúdú. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le eolas@clubscannan.ie

## FOLÚNTAS AG ÁRAS CHOIS FHARRAIGE

Tá **Áras Chois Fharraige** ag lorg Curamóirí Sláinte le dul i mbun oibre leo. Is áit shona, chairdiúil é an tÁras atá lonnaithe sa Spidéal. Má tá suim agat ann is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leo ag 091 553 194. Chomh maith le sin, tá **Gradam Chois Fharraige** de chuid an Árais ag glacadh le hiarratais faoi láthair. Bronnfar duais airgid chomh maith le deis oibre san Áras mar chuid de chomórtas atá comh-mhaoinithe ag Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tá an comórtas seo oscailte do scoláirí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a chuir tús lena gcuid staidéar altranais i mí Meán Fomhair 2021. Le cur isteach air, ní mór aiste 500 focal a scríobh faoin ábhar: 'Na buntáistí a bhaineann le timpeallacht Gaeilge labhartha do Aosaigh atá ina gconaí i dteach altranais'. Cuirfidh bord bainistíochta an Árais gearrliosta de na hiarrathóirí faoi agallamh. Seoltar iarratais chuig Áras Chois Fharraige, Páirc, An Spidéal, Co. na Gaillimhe roimh 22ú Deireadh Fómhair 2021. Bíodh d'ainm, seoladh agus sonraí teagmhála san áireamh agat.

## FOLÚNTAS AG IONAD CULTÚRTHA AN PHIARSAIGH

Tá **Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh** i Ros Muc ag lorg Treoraí/Oifigeach Eolais le dul ag obair leo. Caithfidh iarratasóirí feasacht ar an oidhreacht, tuiscint agus spéis sa stair, tuiscint ar thaighde agus ar chláir a réiteach do lucht féachana éagsúla ar an láthair agus ar líne, agus cumas ar a bheith in ann a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann a bheith acu. Is féidir iarratas a dhéanamh anseo. Ní mór iarratas a dhéanamh roimh 5.i.n. ar an gCéadaoin 3ú Samhain 2021.




## COMÓRTAS ROS NA RÚN

Tá comórtas deas fógartha ag **Ros na Rún** ar na meáin shóisialta! Tá lón do bheirt i mbialann HYDE i nGaillimh le cúrsa tosaigh, príomhchúrsa agus rogha deoch le buachan. Níl le déanamh ach an cheist seo a fhreagairt, 'Cén t-ainm atá ar iníon Dee & Mack?' Is féidir cur isteach ar an gcomórtas anseo. Roghnófar buaiteoir ar an Luan 1ú Samhain. Go n-éirí go geal libh a chairde!

## FOLÚNTAS AG ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá **Údarás na Gaeltachta** ag lorg duine cumasach i gcúrsaí riaracháin, rúnaíochta agus fáiltithe, a bhfuil líofacht Ghaeilge aige/aici le dul ag obair in Ardoifig an Údaráis mar fháilteoir agus riarthóir ar feadh tréimhse 6 mhí. Ní mór scileanna cumarsáide agus cumas a bheith in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann a bheith ag an iarrthóir. Caithfidh scileanna ard-chumais ríomhaireachta agus tuiscint leathan ar obair na heagraíochta, ar chúrsaí Gaeltachta, teanga agus fiontraíochta a bheith ag an té a n-éireoidh

leis/léi. Seol iarratas, mar aon le CV i nGaeilge, roimh an 4 i.n. Aoine 5ú Samhain 2021 chuig foluntais@udaras.ie nó chuig An Feidhmeannach Acmhainní Daonna, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

## FÉILE CHOIS FHARRAIGE

Tá **Féile Chois Fharraige** ag teannadh linn! Mar chuid de chlár na féile, beidh **An Cosán Draíochta** le Johnny Óg Connolly ar siúl i Stiúideo Cuan ón gCéadaoin 17ú - Domhnach 21ú Samhain, beidh **Ceolchoirm Cholmcille** ar siúl ar an Satharn 20ú Samhain agus déanfar ceiliúradh ar shaothar Joe Steve Uí Neachtain sa seó **Le Cion ar Joe** ón Aoine 19ú - Domhnach 21ú Samhain. Chomh maith le sin, beidh imeachtaí don óige ar siúl le linn na féile - siúlóidí teaghlaigh, ollseisiún ceoil agus ceardlanna i scoileanna ar fud Chois Fharraige. Is féidir teagmháil a dhéanamh le feilechoisfharraige21@gmail.com má tá ceist ar bith agat nó más mian leat tacú le himeachtaí na féile. Cuirfear treoracha an Rialtais i leith sláinte poiblí i bhfeidhm go docht, agus caithfear teastas ar dheimhniú vacsaín nó deimhniú ar a bheith saor ó COVID a spáint.







## CLUB ÓIGE COIS NA HABHANN

Tá seisiún clárúcháin do **Chlub Óige Chois na hAbhann** á reáchtáil ar an Aoine 22ú Deireadh Fómhair @ 6:30i.n. i Halla na Tulaigh. Is do scoláirí rang 4, 5, 6 atá ag freastal ar Scoil Náisiúnta Cholmcille na Tulaigh an club. Beidh réimse leathan gníomhaíochtaí, imeachtaí agus spraoi ag an gclub gach seachtain. €10 an costas clárúcháin. Cloífear le treoirlínte slándála agus sábháilteachta a bhaineann le COVID-19 ag an ócáid agus ag chuile imeacht de chuid an chlub.

## MO CHÉAD THÉARMA I GCOLÁISTE CHOLMCILLE

Ar mo chéad lá ar scoil, bhí mé an-neirbhíseach. Nuair a tháinig mé isteach tugadh an rang ar thuras timpeall na scoile. Is iad na hábhair nua a dhéanann muid nach ndearna muid sa bhunscoil ná tíos, ealaín, miotalóireacht,

adhmadóireacht, líníocht agus gnó. An ceann is fearr liomsa ná adhmadóireacht. Tá an lón an-deas, bíonn lón te againn. Is é an píotsa an lón is fearr liomsa, bíonn sé againn ar an Aoine agus rud eile is breá liom faoin Aoine ná go gcríochnaíonn muid ag leathuair tar éis a haon. Chuaigh muid ar thuras eachtraíochta go Ceapach na gCapall, rinne muid cadhcáil agus chuaigh muid amach ar an oileán ar an gcúrsa bacainní. Tá aithne ag chuile dhuine ar a chéile anois agus is breá liom an scoil. Déanann an scoil seo go leor spóirt cosúil le camógaíocht, sacar, peil agus cispheil. Bhí blitz ag foireann peile na gcailíní an tseachtain seo caite agus thaitin sé go mór liom a bheith ag imirt.

Scríofa ag: Alanah Ní Loideáin





## CEILIÚRADH NA NÓG

Cé nach mbeidh Oireachtas na Gaeilge ar siúl i mbliana, tabharfar deis d'ógánaigh na Gaeltachta a gcuid scileanna a léiriú ag **Ceiliúradh na nÓg** atá á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta**. Beidh an imeacht á bheoshruthú ar chuntas Facebook agus ar YouTube na heagraíochta, ó Amharclann Ghaoth Dobhair, ar an Aoine 29ú Deireadh Fómhair @ 5i.n. Beidh meascán de amhránaíocht, aithriseoireacht & scéalaíocht sa bhfíseán ó dhaoine óga as fud fad na nGaeltachtaí.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite